# SEIRBHÍS GUÍ AN tSOLAIS (laistigh den Aifreann)

Le linn Seirbhís Guí an tSolais, tugann na tuismitheoirí/caomhnóirí a gcoinnle baiste lasta do na hiarrthóirí Cóineartaithe, ag admháil go bhfuil an duine óg seo réidh anois chun freagracht a ghlacadh as a c(h) reideamh féin, le tacaíocht leanúnach óna dteaghlaigh agus ón bpobal creidimh lena mbaineann siad.

## PRÉAMH-NÓTAÍ

Dáta: ________________________________

Am: ________________________________

Ceiliúraí (Ceiliúraithe): _________________________

*Má tá deis ann chun Sacraimint an Athmhuintearais a thairiscint, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach cuireadh a thabhairt do roinnt sagairt bhreise cabhrú leat.*

### Ceol

Feabhsófar an tSeirbhís Solais go mór trí cheoltóirí agus/nó cóir, cibé acu ón bparóiste nó ón scoil, a bheith i láthair. Tugtar roinnt moltaí ar iomainn thíos, ach níl iontu ach moltaí. Ná bíodh eagla ort roghanna oiriúnacha eile a úsáid, ach cinntiú go mbíonn na focail le canadh ag an bpobal iomlán..

### Soilsiú Coinnle

- Sula dtosaíonn an liotúirge, cuir Coinneal na Cásca go feiceálach sa sanctóir.
- Ba chóir iarraidh ar iarrthóirí a gcuid coinneal baiste a thabhairt leo chuig Seirbhís Guí an tSolais. Is maith an rud é i gcónaí roinnt coinnle breise a bheith réidh dóibh siúd a d'fhéadfadh a gcoinnle a bheith dearmadta acu.
- Sa chás go mbíonn líon mór iarrthóirí ann, beidh ar ionadaithe ó phobal an pharóiste an solas a roinnt ó Choinneal na Cásca leis na tuismitheoirí. D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach go háirithe cuireadh a thabhairt do dhaoine óga ón bpobal é seo a dhéanamh. B'fhéidir go gcuideodh siad freisin leis na gealltanais Cóineartaithe a bhailiú.

### Deasghnáth Gealltanais

Sa chás go dtabharfar deis d'iarrthóirí Cóineartaithe gealltanas a ghlacadh chun staonadh ó alcól agus ó dhrugaí mídhleathacha mar chuid den searmanas seo, ba chóir cuireadh a thabhairt dóibh a ngealltanas a thabhairt leo. Ba chóir é a chur i gclúdach A4 le hainm an iarrthóra ar an aghaidh, mar seolfar ar ais chucu é. Cuirtear teimpléad samplach ar fáil thíos, nó is féidir teastais a cheannach.

### Ag ullmhú Foirgneamh an tSéipéil

Is maith le go leor múinteoirí oibriú le pobal an pharóiste chun an séipéal a mhaisiú, ionas go mbeidh sé fáilteach agus cairdiúil do pháistí agus do theaghlaigh, agus chun onóir a thabhairt don ócáid speisialta atá á ceiliúradh. Tá roinnt pointí le cur san áireamh sa chás seo:

- Tugann bláthanna onóir d'ár dteagmháil le Dia. Is cuí bláthanna a chur timpeall an sanctóra ach ní ar an altóir féin. Is féidir bláthanna a chur sa halla iontrála/sa phóirse chun fáilte agus féile a chur in iúl.
- Ní gá do na páistí saothar ealaíne a ullmhú don séipéal. I gcásanna áirithe, is féidir le saothar ealaíne na bpáistí aird a thógáil ón searmanas féin. D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach, áfach, saothar ealaíne na bpáistí a thaispeáint i halla iontrála/póirse an tséipéil.

## NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

### Iomann/Amhrán Iontrála

- Féach na moltaí ó *I nGrá Dé* thíos.

### Fíor na Croise agus Beannú

### Focail Fáilte

- B'fhéidir go gcuirfeadh ionadaí paróiste fáilte roimh na hiarrthóirí don Chóineartú agus a dteaghlaigh chuig an liotúirge. Is féidir leis an duine seo a chur i gcuimhne dóibh siúd atá bailithe gur cuireadh fáilte roimh na páistí isteach sa séipéal ar dtús i Sacraimint an Bhaiste. Anois an chéad chéim chun na gealltanais a rinneadh ar a son ag an mBaisteadh a dhearbhú dóibh féin. D'fhéadfaí deis a bheith ann chun a rá leis na daoine óga gur cuireadh san áireamh iad i bpaidreacha an phobail le cúpla mí anuas.

### Gníomh Aithrí

### An Ghlóir *(Ná habair í le linn an Charghais agus na hAidbhinte)*

### An Urnaí

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

*Nuair a dhéantar Seirbhís Guí an tSolais a cheiliúradh laistigh d'Aifreann Dé Domhnaigh is gá léachtaí agus salm an lae a leanúint. Nuair a dhéantar Seirbhís Guí an tSolais a cheiliúradh lasmuigh d'Aifreann an Domhnaigh, is féidir na léachtaí go léir, nó cuid acu a thógáil ó Aifreann an lae nó ó Aifreann na hIonadachta Críostaí (féach Leicseanár III). Nó b'fhéidir gur mhaith leat na léachtaí ón* gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015) *a úsáid. Is gá an chéad agus an dara léacht a fhógairt ón Leicseanár. Is é an duine is oiriúnaí chun an obair seo a dhéanamh ná Ministir an Bhriathair atá oilte chun an obair seo a dhéanamh.*

### An Chéad Léacht (Sean Tiomna)

Téacs: ___________________

Fógraithe ag: _____________________

### An Salm le Freagra

*Ba chóir an salm a chanadh. Tá sé faoi stiúir an salmaire, an chantóra nó an chóir. Ba chóir go mbeadh sé éasca don phobal agus do na ministrí uile a bpáirt a ghlacadh agus an freagra a chanadh gach uair.*

Faoi stiúir: ______________________

## An Dara Léacht (An Tiomna Nua)

Téacs: ____________________

Fógraithe ag: _______________________

## Comhgháir an tSoiscéil

*Ba chóir Comhgháir an tSoiscéil a chanadh. Déanann an pobal agus na ministrí go léir athrá ar an gcomhgháir i ndiaidh an chantóra nó an chóir. Canann an cantóir nó an cór an véarsa. Déanann an pobal agus na ministrí go léir athrá ar an gcomhgháir tar éis an véarsa a chanadh.*

An véarsa canta ag: ____________________________

## An Soiscéal

Fógartha ag: _________________________________ (sagart/deochain)

## An Homaile

## Ag tabhairt na Coinnle Baiste ar aghaidh

*Áit a mbíonn líon beag iarrthóirí Cóineartaithe ann, b'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach iad, a dtuismitheoir(í)/gcaomhnóir(í) a bheith ina seasamh timpeall an sanctóra don chuid seo den liotúirge. Seachas sin, ba chóir cuireadh a thabhairt do na hiarrthóirí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí seasamh nuair a iarrtar orthu é.*

**Sagart/deochain:** B'fhéidir nach bhfeicfí do thuismitheoirí ná do chaomhnóirí go bhfuil aon bhliain déag nó dhá bhliain déag ann ó thug sibh bhur bpáistí chuig an séipéal chun iad a bhaisteadh. Ar an lá sin, roghnaigh sibh saol creidimh dóibh, agus las sibh coinneal baiste chun brí a thabhairt don saol creidimh sin. Bheadh sé ina sholas a thabharfadh treoir dóibh, go háirithe nuair a bheadh dorchadas, imní nó trioblóid ann. Tugaimid cuireadh daoibh anois coinneal baiste bhur bpáistí a lasadh arís.

*Is féidir le hionadaithe paróiste cabhrú chun an solas a roinnt ó Choinneal na Cásca leis na tuismitheoirí/caomhnóirí, de réir mar is gá.*

**Sagart/deochain:** A thuismitheoirí agus a chaomhnóirí, tabhair aghaidh ar bhur bpáistí agus déan an méid seo a leanas a athrá i mo dhiaidh:
Tugaim an choinneal seo duit (*athrá*)
Mar chomhartha ar do chreideamh. (*athrá*)
Las mé duit é (*athrá*)
Nuair a bhí do lámha níos lú. (*athrá*)
Tugaim duit anois é (*athrá*)
Toisc go bhfuil tú in ann é a choinneáil duit féin. (*athrá*)
Coinnigh é. (*athrá*)
Tabhair gean do chroí dó. (*athrá*)
Roinn é. (*athrá*)

*Tugann na tuismitheoirí/caomhnóirí na coinnle dá bpáistí.*

**Sagart/deochain:** Iarrthóirí don Chóineartú, agus an choinneal seo á fáil agaibh, tá an chéad chéim á glacadh agaibh chun na gealltanais a rinneadh ar bhur son ag an mbaisteadh a dheimhniú. Cuimhnigh ar an méid a dúirt bhur dtuismitheoirí/gcaomhnóirí: Coinnigh do chreideamh. Tabhair gean dó. Roinn é. Is sibhse solas an domhain. Agus muid ag tnúth le lá an Chóineartaithe, guímid beannacht Dé oraibh mar a deirimid:

A Athair, cuir do Spiorad Naomh anuas ar na páistí seo le bheith ina Chabhróir agus ina Threoraí dóibh. Tabhair dóibh spiorad na heagna agus na tuisceana, spiorad an bhreithiúnais chóir agus an mhisnigh, spiorad an eolais agus na hurraime. Líon iad le spiorad an iontais agus na heagla i do láthair.
**Gach duine:** Áiméan.
*Múchann na páistí a gcoinnle agus téann gach duine ar ais chuig a suíocháin.*

## An Chré

## Guí an Phobail

*Is é an deochain a chuireann na hintinní le haghaidh Guí an Phobail i láthair. Muna mbíonn deochain i láthair, cuireann ionadaí eile ón bpobal na hintinní i láthair. Ar an ócáid seo, áfach, d'fhéadfadh duine, nó níos mó, de na hiarrthóirí Guí an Phobail a rá. Má chuireann duine de na hiarrthóirí intinn i láthair, bheadh sé fiúntach an téacs a bheith cumtha ag an bpáiste féin, le cabhair.*

*Réamhrá ón sagart*

**Intinní Samplacha**

1. Guímis ar son tuismitheoirí/caomhnóirí agus ar son ár gcairde as Críost; (sos chun guí) go leanfaidh siad orthu ag tacú linn inár dturas creidimh, agus go mbeidh siad ina múinteoirí maithe againn. A Thiarna, éist linn.

2. Guímis ar son ár múinteoir(í) ____________ agus ár sagart/sagairt; ______ (sos chun guí) go leanfaidh an Spiorad Naomh ag tabhairt spreagadh dóibh. A Thiarna, éist linn.

3. Guímis ar son gach duine (nó, 'gach duine againn') atá ag ullmhú chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh; (sos chun guí) go n-éistfidh siad (nó 'sinn') leis an Spiorad Naomh agus maireachtáil mar a d'iarr Íosa orthu (orainn). A Thiarna, éist linn.

4. Guímis ar son na daoine a gcaitear go míchothrom leo; (sos chun guí) gur féidir linn an méid is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú leo agus chun tacú leo. A Thiarna, éist linn.

5. Guímis ar son na daoine atá tinn nó brónach; (sos chun guí) go mbeidh grá agus tacaíocht le fáil acu. A Thiarna, éist linn.

6. Guímis ar son na daoine a fuair bás; (sos chun guí) go mbeidh síocháin ar neamh acu le Dia. A Thiarna, éist linn.

*Guí deiridh ag an sagart.*

## An Phaidir

*Réamhrá ón sagart*

**Gach duine:** *An Phaidir*

## LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE

*Ullmhú agus Cur i Láthair na mBronntanas: Is iad na bronntanais a thugtar ar aghaidh ag an am seo ná arán agus fíon agus an t-airgead nó an bronntanas a bailíodh.*

### Iomainn Ofrála

- Ceol Uirlise

no

- Iomainn oiriúnacha (Féach thíos).

### An Phaidir Eocairisteach

Bheadh ceann de na Paidreacha Eocairisteacha do Pháistí oiriúnach anseo.

Canann an pobal agus na ministrí go léir na codanna seo a leanas den Aifreann:
- *Is Naofa, Naofa, Naofa thú … (Sanctus)*
- *Rúndiamhair an Chreidimh*
- *Áiméan Mór*
- *Uan Dé (Agnus Dei)*

## DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH

### Iomainn don Chomaoineach

- Féach na moltaí thíos.

## DEASGHNÁTH GEALLTANAIS (ROGHNACH, IARGOMAOINEACH I NDIAIDH NA HURNAÍ)

*Tabhair cuireadh do na hiarrthóirí Cóineartaithe seasamh.*

**Sagart/deochain:** In éineacht le bhur dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, b'fhéidir gur shocraigh sibh ar ghealltanas a thabhairt alcól agus drugaí mídhleathacha a sheachaint. Bailímid na gealltanais sin anois.

*Cuir ciseán timpeall atá mór go leor chun na clúdaigh A4 uile a bhailiú, nó iarr ar na hionadaithe paróiste, a chuidigh le coinnle baiste na bpáistí a lasadh, na gealltanais a bhailiú.*

**Sagart/deochain**: Iarraimid beannacht Dé ar na gealltanais seo agus oraibhse a rinne iad. Guímid go mbeidh sibh in ann a bheith dílis don ghealltanas atá déanta agaibh, le cabhair agus le bronntanais an Spioraid Naoimh. Geallaimid - bhur múinteoirí, bhur sagairt agus bhur baill teaghlaigh, cabhrú libh agus tacaíocht a thabhairt daoibh, ar bhealach ar bith is féidir linn, fanacht ar shiúl ó aon rud a dhéanfadh dochar daoibh féin.dy.

A Spioraid Naoimh,
spreagtha ag bronntanais an mhisnigh agus an breithiúnais chóir,
go mbeidh na daoine óga seo in ann na gealltanais a dhéanann siad anois a choimeád.
Neartaigh iad, spreag iad, agus tabhair misneach dóibh.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

## NA DEASGHNÁTHA DEIRIDH

### Beannacht deiridh agus Gnás Scaipthe

### Iomann/Amhrán Deiridh

Féach na moltaí thíos.

# CEILIÚRADH ROGHNACH DE SHAICRIMINT AN ATHMHUINTEARAIS

*Is féidir seans a thabhairt do na hiarrthóirí Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh mar ullmhúchán don Chóineartú. Is féidir cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí an sacraimint a cheiliúradh freisin agus sa tslí sin sampla breise agus finné a thabhairt dá leanaí.*

*Seo a leanas sampla de scrúdú coinsiasa is féidir le tuismitheoir nó ionadaí paróiste a léamh.*

Déanaimid roghanna gach lá dár saol. Uaireanta déanaimid na roghanna cearta. Ag amanna eile déanaimid roghanna míchearta agus déanaimid rudaí a chuireann brón orainn ina dhiaidh sin. Tógfaimid nóiméad anois chun machnamh a dhéanamh ar ár saol, agus ar na roghanna atá déanta againn. Tá a fhios againn, nuair is eol dúinn ár mbotúin agus nuair a bhíonn athrú croí againn, go maitheann Dia ár bpeacaí i gcónaí agus spreagann sé sinn iarracht a dhéanamh arís.

Má tá tú compordach leis an méid seo, b'fhéidir gur mhaith leat do shúile a dhúnadh. (*Sos*)
Tóg anáil dhomhain isteach … agus amach… (*Sos*)

Dúirt Íosa linn gur cheart dúinn, mar a lucht leanúna, grá a thabhairt do Dhia, agus grá a thabhairt dár gcomharsa faoi mar a thugaimid grá dúinn féin. Déanaimis machnamh ar na rudaí sin ar feadh nóiméid.
Smaoinigh ar do chaidreamh le Dia …
Ar thug tú am do Dhia i do shaol gnóthach? (*Sos*)
An labhraíonn tú le Dia trí a bheith ag guí? (*Sos*)

Anois, smaoinigh ar do chaidreamh le daoine eile …
An léiríonn tú grá agus meas do bhaill an teaghlaigh? (*Sos*)
An roinneann tú go fial le daoine eile? (*Sos*)
An ndéanann tú iarracht do dhícheall, daoine atá fágtha amach nó daoine a dhéantar neamhaird orthu a chur san áireamh? (*Sos*)

Smaoinigh ar an dóigh a gcaitheann tú leat féin …
An mbíonn eagla ort an rud ceart a dhéanamh? (*Sos*)
An dtugann tú aire do do shláinte trí ithe go maith, trí aclaíocht a dhéanamh agus trí do scíth a ligean? (*Sos*)
An ndéanann tú iarracht do dhícheall a dhéanamh i ngach rud a dhéanann tú? (*Sos*)

A Athair Neamhaí,
tá a fhios againn go bhfuil tú réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn. Cabhraigh linn anois na hamanna sin a aithint nuair a thógamar an rogha mícheart agus nár leanamar bealach do ghrá. Tabhair neart dúinn saol níos fearr a chaitheamh, ag leanúint sampla do Mhac, Íosa, agus le cabhair an Spioraid Naoimh.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

**Gach dui**ne: Áiméan.